# Iniúchadh Uisce

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Sonraí - sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>Tomhais - toilleadh<br>Uimhreas - codán, deachúlacha agus céatadáin<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE, OSPS* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm - straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - na próisis a d'úsáidfí mar aon le torthaí gníomhaíochtaí fadhbanna agus tionscadal matamaiticiúil a phlé agus a mhíniú ar bhealach eagraithe<br>• Comhtháthú agus nascadh - matamaitic a aithint sa timpeallacht |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | graf, treoghraf, líneghraf, débharrachairt, sonraí, méadaigh, laghdaigh, patrún, tarraing agus lipéadaigh aiseanna, cuir i gcomparáid, meán, acmhainn, lítear, millilítear, tagarmharcanna, coimeádán, meas, anailísigh, léirmhínigh, léirigh |
| **Áiseanna** | crúiscín tomhais, sorcóirí, buidéil, cupáin, grafpháipéar, pacáiste bogearraí graif |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Díríonn an múinteoir aird ar bhuidéil uisce na ndaltaí leis an ngníomhaíocht a thosú. Pléigh cruthanna agus méideanna difriúla na mbuidéal agus cé acu atá siad marcáilte le tomhais nó nach bhfuil. Is féidir le daltaí an méid uisce is féidir le gach cineál buidéil a stóráil, agus crúiscín tomhais agus sorcóirí a úsáid chun an toilleadh a thomhas. Is féidir leo an áit a mharcálfadh siad ar a mbuidéil dá n-aistreodh siad 330 ml d'uisce (nó a mhacasamhail) chuig a mbuidéil féin a mheas.

### 2 Gníomhaíocht 2

Iarr ar na daltaí an méid leachta a d'ól siad thar lá amháin agus an tionchar aige seo ar an méid a ólann siad thar sheachtain amháin a mheas. Ansin, tomhaiseann agus déanann na daltaí taifead ar an méid leachta a ólann siad le linn na seachtaine. Ansin, socraíonn siad ar an tslí chun na sonraí seo a chur i láthair i bhfoirm ghraif.

### 3 Gníomhaíocht 3

Cruthaíonn daltaí graif nó táblaí chun an méid leachta a d'ól siad a thaispeáint agus cuireann siad é seo i gcomparáid lena meastacháin. Léirmhíníonn agus déanann siad anailís ar a ngraif, sainaithníonn siad treochtaí agus baineann siad tátail agus fiosraíonn siad na fáthanna féideartha. Mar shampla, 'Cén fáth ar ól muid níos mó uisce Dé Máirt ná aon lá eile?'

### 4 Gníomhaíocht 4

Déanann na daltaí taighde ar an gciondáil mholta laethúil leachta ó shuíomh gréasáin na Roinne Sláinte, agus cuireann siad a gcuid torthaí i gcomparáid leis na treoirlínte seo. Ansin, is féidir leo an t-eolas seo a roinnt le ranganna eile, nó le tuismitheoirí.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé mhéad leachta a thógann an coimeádán seo?<br>• Cé mhéad leachta níos mó a thógann coimeádán x ná coimeádán y?<br>• Cé mhéad millilítear de leacht d'ól tú inniu? Cad é seo ina lítir?<br>• Cén codán/deachúil/céatadán de do chiondáil leachta arbh uisce é?<br>• Cé mhéad lá a d'ól tú an chiondáil laethúil leachta?<br>• Cén lá a d'ól tú an chiondáil is mó/is lú leachta? | • Cén fáth ar ól muid níos mó/níos lú leachta Dé Céadaoin, do bharúil?<br>• Cad a insíonn na sonraí duit?<br>• Cad nach n-insíonn na sonraí duit?<br>• Cad iad na tátail a bhaineann tú as do ghraf?<br>• Dá ndéanfá an ghníomhaíocht seo arís le páistí i dtír eile, cad a mbeifeá ag súil leis? |

## Difreáil

Is féidir an réimse de ghraif a shocrú chun freastal ar riachtanais ar leith. Is féidir an tréimshe ama don fhiosrúchán a shocrú chun freastal ar riachtanais na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.